# Do Thuarascáil Bhliantúil a Aimsiú agus a Chomhdú

An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator

## 1 Tabhair cuairt ar ár suíomh Gréasáin

Tabhair cuairt ar www.charitiesregulator.ie agus téigh chuig an gcnaipe **Logála Isteach**.

## 2 Sínigh isteach

Iontráil d'ainm logála isteach agus cliceáil ar **'Logáil Isteach'**.

## 3 Aimsigh do scoil

Ba cheart go mbeadh sonraí na scoile le feiceáil ag bun an rannáin **'Mo Charthanas a Bhainistiú'** ar an deais.

## 4 Cliceáil ar an gcnaipe 'comhdaigh an tuarascáil bhliantúil do scoileanna anois'

**Rabhadh:** Más tusa an comhdaitheoir údaraithe do níos mó ná scoil amháin, seiceáil ainm na scoile ag barr an liosta sula rachaidh tú ar aghaidh chun a chinntiú go bhfuil tú ag comhdú don scoil cheart.

## 5 Cliceáil ar 'Lean ar Aghaidh'

Cliceáil ar **'Lean ar Aghaidh'** chun comhdú nua a thosú don charthanas seo.

## 6 Foirm Tuarascála Bliantúla

De réir alt 18 den Acht Oideachais, 1998, ceanglaítear ar scoileanna a gcuntais bhliantúla a chur faoi bhráid an Aonaid um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais (FSSU) i mí Feabhra gach bliain. Chun cabhrú le scoileanna, chomhroinn FSSU a gcuid cuntas bliantúil ceadaithe leis an Rialálaí Carthanas. Bíonn an fhaisnéis sin líonta isteach roimh ré i bhfoirm tuarascála bliantúla an Rialálaí Carthanas do do scoil.

**Ní mór duit súil a chaitheamh** ar an bhfaisnéis chun a chinntiú go bhfuil sí ceart. Má thagann tú ar aon fhaisnéis atá mícheart, ní gá duit ach í a cheartú ar an bhfoirm ar líne.

## 7 Dearbhú

A luaithe atá tú sásta go bhfuil an fhaisnéis ar an bhfoirm ar líne ceart, ní mór duit dearbhú a chur isteach ag deireadh na foirme ar líne.